Personal Injuries Assessment Board

# Plean Straitéise 2006 – 2010

© An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Baile Átha Cliath
Arna Fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair
Le ceannach díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.
nó tríd an bpost ó
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Trádála,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
(Teil: 01-6476834/35/36/37; Faics: 01-6476843)

---

© Rialtas na hÉireann

DUBLIN
published by the Stationery Office
To be purchased directly from the
Government Publications Sales Office, Sun Alliance House, Molesworth Street, Dublin 2,
or by mail order from
Government Publications, Postal Trade Section,
51 Stephen's Green, Dublin 2.
(Tel: 01-6476834/35/36/37; Fax: 01-6476843)

---

€5.00

Meán Fómhair, 2006

Prn: A6/1490

*"An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail."*

## RÉAMHFHOCAL LEIS AN GCATHAOIRLEACH

Chuig an Aire Micheál Martin T.D.,
An tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta,
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2.

A Aire a chara,

Is cúis áthais don Bhord Plean Straitéise don BMDP maidir leis an tréimhse idir 2006 agus 2010 a chur faoi do bhráid. Déantar sin ag comhlíonadh an dualgais reachtúil a leagadh orainn faoi Alt 78 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.


Táthar buíoch díot féin agus de do chuid oifigeach mar gheall ar an gcomaoin a cuireadh, le teann grinnis, ar an gcáipéis seo agus í á hullmhú.

Ba mhaith linne, mar Bhord rialaithe, an deis seo a thapú chun obair na foirne bainistíochta agus na mball foirne ar fad, a bhfuil oiread bainte amach acu in achar gairid faoi stiúir an Phríomh-Fheidhmeannaigh, Patricia Byron, a thréaslú leo.

Is iomaí rud a thabharfaidh ár ndúshlán san am atá romhainn ach is le misneach a thabharfar fúthu chun leasa na sealbhóirí polasaithe a íocann préimheanna agus íospartaigh tionóisce i gcás faillí.

Is léir go bhfuil ag éirí go maith le Clár Leasaithe an Rialtais maidir le Cúrsaí Árachais agus gur mó arís an bhuntáiste a bheidh dá bharr sna blianta a thagann faoi scáth an Phlean Straitéise seo.

Mise le meas



**Dorothea Dowling**
Cathaoirleach

## RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ó bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) sa bhliain 2004, táthar ag féachaint lena laghad gá agus is féidir a bheith ag Éilitheoirí díobhála pearsanta imeachtaí dlí a thionscnamh agus tá brostú curtha faoin bpróiseas atá ina bhuntáiste mór ag íospartaigh tionóisce. Tugtar cásanna a mhairfeadh trí bliana ar an meán roimhe seo chun críche trí huaire níos luaithe anois. Chomh maith leis sin, tá na barrchostais a bhaineann le cúiteamh a bhaint amach íslithe go mór ag an BMDP gan aon ísliú ar an tsuim chúitimh dáiríre sna dámhachtainí. Bíonn an-suntas leis na costais sin agus leibhéil na bpréimheanna árachais á socrú agus bhíodh costais iomarcacha san am a caitheadh ina chionsiocair le costas an árachais.

Tá cultúr cothaithe ag an BMDP chomh maith a mbaineann an réiteach luath leis agus go deimhin is iomaí éileamh anois a mbíonn socrú mar gheall air taobh istigh de roinnt seachtainí de tharlú na tionóisce. Tá athrú suntasach ar chúrsaí chúiteamh díobhála pearsanta le dhá bhliain anuas agus is ina fhianaise sin atá an Plean Straitéise curtha le chéile again.

Seo é an chéad Phlean Straitéise a d'ullmhaigh an BMDP agus éilítear é faoin reachtaíocht is bonn leis an mBord, an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhála Pearsanta 2003. Leagtar amach cuspóirí, straitéisí agus bearta tús áite na heagraíochta as seo go ceann cúig bliana sa phlean.

Is é is misean don BMDP an bealach a réiteach go neamhspleách go dtugtar an cúiteamh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail. Bainfear sin amach trí phríomhaidhmeanna na heagraíochta a chur i bhfeidhm, eadhon measúnú cóir cruinn a dhéanamh ar shuim an chúitimh ar bhealach tráthúil, costais riaracháin a ísliú, eagraíocht nuálachta, so-mhúnlaithe agus éifeachtach ó thaobh costais a chur chun cinn, sársheirbhís don chustaiméir a thabhairt chun cinn, cur leis an tuiscint ar an BMDP agus cur go tairbheach leis an gcomhthéacs athraitheach a bhaineann le héilimh dhíobhála pearsanta in Éirinn – chun leasa an tomhaltóra, lucht gnó agus an phobail ar fad.

Ó bunaíodh an BMDP, tá claochlú mór tagtha ar an an gcaoi ina n-oibríonn an próiseas chun éilimh a réiteach in Éirinn. Ar an gcéad dul síos, tá tionchar an bhuntáiste imrithe ag an BMDP ar chostas an árachais. Is iomaí tairbhe ina dhiaidh sin féin nach mbaineann le hairgeadas atá ag an bpobal as múnla an BMDP. Táthar ag saothrú i dtimpeallacht a mbaineann dúshláin léi ó lá go lá agus leanfar den fhorbairt agus den fhorás ar an BMDP chun tabhairt fúthu go léir.

Agus an Plean Straitéise seo á chur le chéile, bhíothas i gcomhairle leis an Aire, le comhaltaí an Bhord rialaithe, le baill foirne, le geallsealbhóirí seachtracha agus le custaiméirí agus chuir dearcadh gach duine acu le toradh na hoibre.

Ba mhaith liom fíorbhuíochas a chur in iúl don Bhord rialaithe, don fhoireann feidhmiúcháin agus don fhoireann ar fad as a gcuid tacaíochta, dúthrachta agus dílseachta.

**Patricia Byron**
Príomh-Fheidhmeannach

## CLÁR AN PHLEAN


| | | |
|---|---|---|
| Roinn 1 | ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN | 7 |
| | 1.1 Réamhrá | 7 |
| | 1.2 Aisling an BMDP | 8 |
| | 1.3 Misean an BMDP | 8 |
| | 1.4 Cuspóirí Straitéise an BMDP | 8 |
| | 1.5 Tionscnaimh/Bearta Straitéiseacha an BMDP | 9 |
| | 1.6 Príomhshlata Tomhais ar an bhFeidhmíocht (KPIanna) | 9 |
| | 1.7 Maoiniú an BMDP | 12 |
| | 1.8 Clabhsúr | 12 |
| Roinn 2 | RÉAMHRÁ | 13 |
| | 2.1 Pleanáil Straitéise | 13 |
| | 2.2 Sainordú | 13 |
| | 2.3 Bonn Reachtúil | 14 |
| | 2.4 Seirbhísí an BMDP | 15 |
| Roinn 3 | ANAILÍS TIMPEALLACHTA | 16 |
| | 3.1 Réamhrá | 16 |
| | 3.2 Líon na dTionóiscí agus Leibhéal na nÉileamh faoi Dhíobháil Phearsanta | 16 |
| | 3.3 Cultúr i mBéal Athraithe maidir le hÉilimh a Réiteach | 18 |
| | 3.4 Athbhreithnithe Breithiúnacha | 18 |
| | 3.5 Leibhéal Dhámhachtainí na Cúirte agus na Socruithe | 18 |
| | 3.6 Creat Reachtaíochta | 19 |
| | 3.7 Tuairim na nGeallsealbhóirí ar Bheartaíocht Reatha/Riachtanais Ionchais an BMDP | 19 |
| | 3.8 Múnla Ioncaim mar Bhonn leis an BMDP | 20 |
| Roinn 4 | MISEAN AN BMDP AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISE | 21 |
| | 4.1 Réamhrá | 21 |
| | 4.2 Aisling an BMDP | 21 |
| | 4.3 Ráiteas Misin | 21 |
| | 4.4 Cuspóirí Straitéise | 22 |
| | 4.5 Tionscnaimh/Bearta Straitéiseacha an BMDP | 23 |
| | 4.6 Príomhshlata Tomhais ar an bhFeidhmíocht sa BMDP (KPIanna) | 25 |
| Roinn 5 | STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN, ACMHAINNÍ AGUS BAINISTIÚ GNÓ | 28 |
| | 5.1 Réamhrá | 28 |
| | 5.2 Struchtúr Eagrúcháin an BMDP | 28 |
| | 5.2.1 Feidhmiúchán | 29 |
| | 5.2.2 Seirbhísí Taca Gnó | 29 |
| | 5.2.3 Seirbhísí Corparáide | 29 |
| | 5.3 Rialachas Corparáide san BMDP | 30 |
| | 5.4 Bainistíocht Airgeadais | 31 |
| | 5.5 Bainistíocht ar Bhaol | 32 |
| | 5.6 Bainistíocht ar Acmhainní Daonna | 32 |
| | 5.7 Bainistíocht ar Theicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide | 33 |
| | 5.8 Straitéis ríomhsheirbhísí an Rialtais | 33 |
| Roinn 6 | MAOINIÚ | 34 |
| AGUISÍN I | COMHAIRLEACHÁN SEACHTRACH A RINNEADH MAR LÓN EOLAIS DO PHLEAN STRAITÉISE AN BMDP | 35 |

# 1 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

## 1.1 Réamhrá

Seo é an chéad Phlean Straitéise atá á fhoilsiú ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ("BMDP") ó bunaíodh é an 13 Aibreán 2004. Ó cuireadh ar bun é, tá eagraíocht nua-aimseartha tugtha chun cinn ag an BMDP atá dírithe ar sheirbhís a thabhairt agus a thugann tús áite do riachtanais an chustaiméara (Éilitheoirí agus páirtithe Freagartha). Ar na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige sin, tá cúngú suntasach ar an achar ama a bhaineann le héileamh díobhála pearsanta a réiteach ó thréimhse trí bliana go dtí tréimhse trí ráithe. Chomh maith leis sin, tá laghdú mór ar an gcostas a bhaineann le héileamh a shocrú tugtha i bhfeidhm. Sular tugadh isteach an BMDP, bhíodh costais dlíthíochta de 46% ar an meán anuas ar shuim an chúitimh féin. Buntáille de €1,300 an costas a théann le córas an BMDP (beagán athraitheach maidir le costas tuairiscí liachta). I gcás gnáthéileamh de €15,000 bíonn costais an BMDP isteach is amach le €1,300 (i.e. an beagán le cois 8%). Faoin seanchóras, ba ghnách costais dlíthíochta de €6,900 (i.e. 46%) a bheith ag dul le dámhachtain dá leithéid. Tá gach rún ag an BMDP tuilleadh feabhais a bhaint amach sa réimse sin san am atá ag teacht.

Rinneadh ullmhú ar an bPlean Straitéise seo i bhfianaise athraithe shuntasaigh ar chúrsaí éilimh díobhála pearsanta. Bhain athrú le líon na dtionóiscí a tharlaíonn agus líon na n-éileamh díobhála pearsanta; an cultúr maidir le réiteach éileamh a bheith i mbéal athraithe agus athruithe sa chreat reachtaíochta, mar shampla an tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004, i measc nithe eile.

Agus an Plean Straitéise á ullmhú i bhfianaise an athraithe shuntasaigh, d'fhéach an BMDP le scrúdú a dhéanamh ar an bhforbairt a thiocfadh ar an ról atá aige san am atá ag teacht agus ar an gcaoi inar gá don eagraíocht féin athrú chun an ról a chomhlíonadh. Cuireadh tús dá réir sin le próiseas pleanála straitéisí lenar bhain clár leathan comhairleacháin agus agallamh ar dhaichead geallsealbhóir seachtrach agus leis an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta i gceist leis. I measc na ngeallsealbhóirí, bhí eagraíochtaí ionadaíochta gnó; grúpaí tomhaltóirí; comhlachtaí poiblí; Comhdháil na gCeardchumann, comhlachtaí árachais agus ionadaithe thar ceann bhróicéirí árachais. Tugtar liosta de na geallsealbhóirí in Aguisín 1. Chomh maith leis sin, eagraíodh roinnt cruinnithe inmheánacha ag a raibh an Bord, an fhoireann Bainistíochta Feidhmiúchain agus foireann an BMDP d'fhonn teacht ar chomhthuiscint maidir le forbairt straitéiseach na heagraíochta san am atá ag teacht. Tugadh aiseolas ó shuirbhéanna a dhéanann an BMDP ar chustaiméirí san áireamh chomh maith mar chuid de phróiseas na pleanála straitéisí.

Ba chuid lárnach den phróiseas seo anailís ar an gcomhthéacs athraitheach maidir le héilimh dhíobhála pearsanta agus measúnú ar na deiseanna, an bhagairt agus an dúshlán atá ann don BMDP. Ag eascairt ón anailís sin, chomh maith leis na tuairimí a chuir na geallsealbhóirí in iúl mar chuid den phróiseas comhairleacháin, thángthas ar aisling straitéiseach agus ar chuspóirí straitéise ina thaobh sin. Leagadh síos ansin, arna bhunú ar an méid sin, na príomhchláir oibre agus na riachtanais acmhainne a bhainfeadh leo, d'fhonn cur ar chumas an BMDP an straitéis a bheartaítear a thabhairt i gcrích.

Is i bhfianaise an athraithe ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an BMDP na bearta tús áite a leagtar amach sa Phlean seo agus cuideoidh siad leis an eagraíocht cuspóirí ríthábhachtcha gnó a bhaint amach, eadhon: measúnú cóir, cruinn a dhéanamh taobh istigh den chreat ama reachtúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina theideal i gcás éileamh maidir le díobháil phearsanta agus na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh a ísliú – agus sársheirbhís á chur ar fáil don chustaiméir.

## 1.2 Aisling an BMDP

Leagtar amach in aisling an BMDP cás inmhianta a bheadh i ndán don phobal i dtéarmaí an údair atá leis an BMDP agus an araíocht a bheadh faoi, chomh maith leis na tréithe comharthaí sóirt a chur in iúl.

Cuirtear creat ó cheann ceann ar fáil leis an aisling mar threoir maidir le bearta, luachanna agus cultúr an BMDP agus maidir le hiompar dhaoine aonair chomh maith. Ba cheart go mbeadh sé ina ghné fhollasach de chinntí agus de chumarsáid na heagraíochta, taobh istigh agus taobh amuigh, agus go mba léir tionchar á imirt aige ar an stiúir a bhíonn faoin eagraíocht, ar an gceannasaíocht agus ar an mbainistíocht inti.

### Aisling an BMDP

*"Cruthóidh an BMDP cultúr dearfach maidir le réiteach éileamh in Éirinn trí chur chuige cóir, neamhsháraíochta a thabhairt chun cinn sa mheasúnú ar dhíobháil phearsanta a tharlaíonn trí fhaillí".*

## 1.3 Misean an BMDP

Tugtar léargas fadtéarmach le Ráiteas Misin an BMDP ar a bhfuil faoin eagraíocht a bhaint amach, ar an gcaoi ina mbainfear amach é agus ar an dream ar ar a son atá sin á dhéanamh. Mar eagraíocht neamhbhrabúis, ach mar eagraíocht atá faoi rialú ag creat reachtaíochta, tá an BMDP an-dírithe maidir leis an gcuspóir atá leis.

Tá Ráiteas Misin an BMDP ina dhearcadh fadtéarmach maidir lena bhfuil an eagraíocht ag iarraidh a bhaint amach, leis na gcaoi ina mbainfear sin amach agus leis an dream a ndéantar sin ar a son. Ina eagraíocht neamhbhrabúis dó, ach ina eagraíocht le sainordú a thagann faoi réir an Chreat Reachtaíochta, tá an BMDP an-dírithe maidir lena chuid cuspóirí.

### Ráiteas Misin an BMDP

*"An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail".*

## 1.4 Cuspóirí Straitéise an BMDP

Tá sé cinn d'aidhmeanna straitéiseacha sonraithe ag an BMDP chun an Misean sin a thabhairt i gcrích agus féachfaidh an eagraíocht lena mbaint amach as seo go ceann cúig bliana.

Leagtar amach na Cuspóirí Straitéise in Tábla 1.1 thall.

Tábla 1.1 Cuspóirí Straitéise an BMDP

| | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina theideal i gcás éileamh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an BMDP. |
| Cuspóir 2 | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth an BMDP a ísliú. |
| Cuspóir 3 | Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, somhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, cumasach ann. |
| Cuspóir 4 | Seirbhís sármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil. |
| Cuspóir 5 | Cur leis an tuiscint ag an bpobal ar an BMDP agus ar na buntáistí atá leis. |
| Cuspóir 6 | Cur leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. |

## 1.5 Tionscnaimh/Bearta Straitéiseacha an BMDP

Beidh gá le roinnt tionscnamh/bearta straitéise a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana an Phlean Straitéise 2006-2010 chun na cuspóirí straitéise atá leagtha amach a thabhairt i bhfeidhm. Má thugtar i bhfeidhm go sásúil iad, cuirfear ar chumas an BMDP na cuspóirí atá á gcur roimhe aige féin a bhaint amach mar eagraíocht. Tugtar eolas sonrach i Roinn 4.


## 1.6 Príomhshlata Tomhais ar an bhFeidhmíocht (KPIanna)

Is de réir Phríomhshlata Tomhais ar an bhFeidhmíocht (KPIanna), idir shlata tomhais oibriúcháin agus straitéise a mheastar toradh na hoibre maidir leis na sé phríomhchuspóir agus na Bearta Straitéise a bhaineann leo. Cuireann na slata tomhais sin ar chumas an BMDP monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí straitéise a thabhairt i gcrích. Tá cúig cinn de phríomhshlata tomhais leagtha amach ag an BMDP chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i mbaint amach na gcuspóirí a luaitear sa phlean straitéise mar seo a leanas

- Measúnú a dhéanamh ar Éilimh taobh istigh den chreat ama reachtúil;
- Laghdú de 50% nó níos mó den chostas faoi láthair a chur ar an gcostas maidir le cásanna a ndéanann an BMDP measúnú orthu;
- Cur le leibhéal agus feabhas na tuisceana ar an BMDP i measc an phobail;
- Sásamh an Chustaiméara;
- Beartaíocht Inmheánach – 90% de ghlaonna á bhfreagairt taobh istigh de nóiméad amháin.

Tugtar achoimre i bhFíor 1.1 thall maidir le Misean, Cuspóirí Straitéise, Bearta Straitéiseacha an BMDP mar aon leis na slata tomhais ar ina leith a dhéanfar monatóireacht/meas ar a mbaint amach.

Fíor 1.1 Cairt Cheangal Straitéise an BMDP



## Bearta Straitéiseacha

- Athbhreithniú leanúnach chun cinntiú go leanann an BMDP ag cur phróisis agus nósanna imeachta dochta i bhfeidhm, arna chinntiú dá réir go ndéantar measúnú cóir, cruinn
- Athbhreithniú ar phróiseas gnó agus ar chórais an mheasúnaithe (an tIonad Seirbhíse san áireamh) d'fhonn tacú le hathruithe gnó a chur i bhfeidhm nuair is gá
- Forbairt bhreise maidir le Painéil Saineolaithe Neamhspleácha an BMDP d'fhonn treisiú le próiseas measúnaithe an BMDP
- Tiomsú seasta sonraí agus anailíse mar gheall ar shuimeanna na ndámhachtainí de bhun caingne sibhialta a bhaineann le hábhar, nó arna aontú na caingne sin a réiteach
- Breis forbartha maidir le Clár Dhearbhú Cáilíochta an Mheasúnaithe lena n-áirítear próiseas na suirbhéireachta ar chustaiméirí agus córas cáilíochta inmheánach
- Éilimh a thabhairt faoi deara agus a rangú d'fhonn treisiú le próiseáil níos éifeachtaí ar éilimh dhíobhála pearsanta
- Anailís Dhochair agus Shochair (CBA) ar chóras measúnaithe an BMDP i gcomparáid leis an gcóras a bhíodh ann roimh an BMDP a thosú
- Dul i gcomhairle le lucht leighis agus tuiscint a chothú i measc an Phainéal Lucht Leighis Neamhspleách agus i measc na gCleachtóirí a bhíonn i mbun cóireála ar an bhfaisnéis a bhíonn de dhíth i dtuairiscí liachta chun an bealach a réiteach don mheasúnú ar éilimh
- Breis forbartha a dhéanamh ar an struchtúr eagrúcháin d'fhonn cur leis an éifeachtacht agus feidhmiú ar an gcostas is fearr
- Aon dul chun cinn tábhachtach sa teicneolaíocht a thabhairt i bhfeidhm ionas go gcuirfí leis an tseirbhís do chustaiméirí, leis an éifeachtacht agus leis an éifeachtúlacht
- Leathnú a dhéanamh ar oiliúint fhoireann an BMDP agus ar Chláir Fhorbartha Phearsanta (CFPanna) do gach ball den fhoireann
- Breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat bunaithe ar inniúlacht atá i bhfeidhm faoi láthair d'fhonn an bealach a réiteach do mheasúnú seasmhach ar lucht na foirne maidir le hoiliúint
- An Plean Gníomhaíochta Straitéiseach maidir le hIniúchóireacht Inmheánach a chur i bhfeidhm
- Tabhairt faoi bhearta athbhreithnithe maidir le Rialáil Airgeadais d'fhonn cinntiú go dtugtar gach baol faoi deara agus go sonraítear é agus go gcloítear le nósanna imeachta ar fud na heagraíochta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais, próisis agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair d'fhonn an nuálacht a chothú agus an bhuntáiste is mó is féidir ó thaobh éifeachta a chinntiú chomh maith leis an úsáid is fearr as na hacmhainní a chuirtear ar fáil ag baint luach an airgid amach
- Straitéis Cumarsáide agus Tuisceana an BMDP a leasú
- Leanacht den taighde atá ar siúl maidir le leibhéal agus cruinneas na tuisceana ar an BMDP i measc an phobail
- Feachtas saindírithe cumarsáide & tuisceana i measc phríomhghrúpaí na ngeallsealbhóirí a reáchtáil
- Leanacht den chlár reatha i gcomhar leis na geallsealbhóirí tábhachtacha ar fad trína ndírítear ar bhainistíocht agus ar fhorbairt ar an gcaidreamh leis an tionscal
- Comhairleachán le grúpaí tábhachtacha geallsealbhóirí maidir le deiseanna nua feabhas a chur ar an tseirbhís agus ar an bpróiseas trína ndéantar measúnú ar éilimh
- Taighde breise a dhéanamh maidir le deiseanna nua seirbhíse

## KPIanna

- Measúnú ar éilimh taobh istigh den chreat ama reachtúil
- Na costais maidir le cásanna a ndéanann an BMDP measúnú orthu a laghdú faoi 50% ar a laghad i gcomparáid leis an gcostas faoi láthair
- Cur le hoiread agus le cruinneas na tuisceana i measc an phobail ar an BMDP
- Sásamh an Chustaiméara
- Beartaíocht eagrúcháin inmheánach:
  Plé le 90% de na glaonna taobh istigh de nóiméad amháin

## 1.7 Maoiniú an BMDP

Bhí Airgead Státchiste mar chabhair leis an BMDP a bhunú ar dtús. Eagraíocht féinmhaoinithe atá san BMDP faoi láthair sa mhéid agus go ndéanann sé soláthar do na costais oibriúcháin le táillí a ghearrtar ar Éilitheoirí agus ar Fhreagróirí (na Freagróirí go príomha). Tá stádas maoinithe an BMDP ag brath sa deireadh ar líon na n-éileamh a chuirtear faoina bhráid, líon na gcásanna a théann tríd an bpróiseas measúnaithe, ráta na táille a ghearrtar agus ar na costais inmheánacha maidir lena rith.

## 1.8 Clabhsúr

Tá réimse leathan casta ceisteanna ón taobh amuigh a bheidh roimh an BMDP i rith na gcúig bhliana seo romhainn agus níos faide anonn. Bealach chun cinn don BMDP d'fhonn plé leis sin an t-údar atá leis an bPlean Straitéise seo.

Féachtar sa phlean le 'fios an bhealaigh' a thabhairt sa chaoi is gur féidir leis an BMDP, trí ráiteas misin i bpáirt arna chur in iúl do na geallsealbhóirí ar fad, ord tábhachta a leagan síos maidir leis an bhforbairt straitéiseach air.

Tá sé cinn de chuspóirí straitéiseacha mar chrann taca leis an ráiteas misin. Bainfear amach na cuspóirí straitéiseacha sin trí shraith thionscnamh/beart straitéiseach a chur i bhfeidhm.

# 2 RÉAMHRÁ

## 2.1 Pleanáil Straitéise

Is é an Plean Straitéise seo an chéad cheann atá á fhoilsiú ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) faoi cheanglais an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Ceanglaíonn Alt 78 den Acht ar an BMDP plean straitéise cúig bliana a ullmhú chomh luath agus is féidir tar éis a bhunaithe an 13 Aibreán 2004. Caithfidh príomhchuspóirí an Bhoird, a aschuir agus a straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear úsáid acmhainní, a bheith sa phlean sin agus caithfear aird a thabhairt ann ar an an ngá a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Bhoird.

Tá an Plean Straitéise seo déanta tar éis próiseas comhairleacháin lenar bhain cruinnithe aonair le daichead geallsealbhóir seachtrach chomh maith leis an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta. I measc na ngeallsealbhóirí sin, bhí: custaiméirí an BMDP; an dream a chuireann seirbhísí ar fáil do pháirtithe díobhálaithe; eagraíochtaí ionadaíocha gnó; grúpaí tomhaltóirí; comhlachtaí poiblí; Comhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU), cuideachtaí árachais agus ionadaithe bróicéirí árachais. Tá liosta de na geallsealbhóirí sin in Aguisín 1. Chomh maith leis sin, tionóladh roinnt cruinnithe inmheánacha lenar bhain an Bord, an fhoireann Bainistíochta Feidhmeannaí agus foireann an BMDP chun tuiscint chomhroinnte a fháil ar fhorbairt straitéiseach na heagraíochta amach anseo. Ar deireadh, breithníodh aiseolas ó shuirbhéanna custaiméirí a rinne an BMDP mar chuid den phróiseas pleanála straitéisí.

Tá toradh an phróisis chomhairleacháin sheachtraigh agus inmheánaigh mar bhonn don ráiteas straitéiseach atá sa doiciméad seo. Díríonn an straitéis ar chuspóirí ardleibhéil an Bhoird a nascadh le torthaí sainiúla a bheifear in ann a mheas go cáilíochtúil agus go cainníochtúil.

Féachann an Plean leis na gnóchain as cuimse a bhaineadh amach i rith na chéad dhá bhliain arbh ann don Bhord a fhorbairt agus a chinntiú go leanfaidh an cur chuige bhainistiú straitéise de bheith ag cur creat foriomlán ar fáil chun an straitéis a aistriú isteach ina ghníomh ag gach leibhéal laistigh de struchtúr na heagraíochta.

## 2.2 Sainordú

Ba ghné thábhachtach a bhí i gcostas ard an árachais mótair agus dliteanais in Éirinn as ar bunaíodh an BMDP. Rud lárnach a bhí ag cur leis na costais arda sin ná an costas dlíthíochta a bhain le héilimh dhíobhála pearsanta a shocrú trí chóras na gCúirteanna. Idir 1996 agus 2003, tháinig beagnach dúbailt ar an meánchostas dlíthíochta mar chéatadán sa bhreis ar chúiteamh ó 25% go dtí 46%. Mar shampla, bheadh costais dlíthíochta de thart ar €6,900 iníoctha freisin ar ghnáthdhámhachtain cúitimh de €15,000. D'ardódh na costais sin go dtí €46,000 ar dhámhachtain €100,000. Chomh maith leis sin, bhí an meánfhad ama a bhain le héileamh a shocrú sé huaire níos faide ná mar a bhíonn i Sasana. Mar thoradh ar an méid ama a bhíonn de dhíth chun cásanna a shocrú agus na forchostais dlíthíochta a bhí ag síor-ardú, mhéadaigh costas na n-éileamh in Éirinn, do na comhlachtaí féin-árachaithe agus do na hárachóirí a d'fhorchuir na costais mar phréimh-arduithe araon, rud a raibh iarmhairtí diúltacha d'eacnamaíocht na tíre, don tomhaltóir aonair agus do leasanna tráchtála mar thoradh air.

Ag freagairt do na costais sin a bhí ag ardú agus an mhoill ama, mhol an Rialtas go mbunófaí rogha eile mear, ar chostas íseal i gcomhair éilimh díobhála pearsanta nach mbeadh gá le breithiúnas a thabhairt ar cheisteanna dlí ann.

An 20 Márta 2001, cheadaigh an Rialtas bunú an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) a bhí molta. Chun na críche sin, shocraigh an Rialtas Grúpa Feidhmithe Idir-Rannach chun bunú an BMDP a chur chun cinn agus bhí sainordú tosaigh aige aghaidh a thabhairt ar éilimh dhíobhálacha pearsanta a d'eascair as árachas dliteanais fostóirí.

I nDeireadh Fómhair 2002, sheol an Tánaiste, Mary Harney T.D., Clár Leasaithe an Rialtais maidir le Cúrsaí Árachais ina raibh beart sainiúil bunú an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a chur ar bhonn reachtúil. An 27 Samhain 2002, cheap an tAire Bord Eatramhach chun na pleananna loighisticiúla a bhain le bunú an BMDP a bhrú ar aghaidh. I mBealtaine 2003, foilsíodh Cinn an Bhille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Ritheadh an Bille ina dhiaidh sin trí dhá Theach an Oireachtais agus shínigh an tUachtarán é an 28ú Nollaig 2003. An 13 Aibreán 2004, bhunaigh an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an BMDP go foirmiúil agus ceapdh an Bord. Ón 1ú Meitheamh 2004 bhí sainordú ag an BMDP déileáil le cásanna dliteanais fostóirí, agus na cásanna sin amháin. Leathnaíodh réimse freagrachtaí an BMDP chun déileáil le gach cás díobhála pearsanta (ach amháin faillí liachta) ón 22 Iúil 2004.

Tá BMDP freagrach as an leibhéal cúitimh d'éilimh shainiúla díobhála pearsanta a mheasúnú. Sainmhíníonn Alt 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, éilimh dhíobhála pearsanta laistigh de réimse freagrachtaí an BMDP. Is iad sin:

- caingean sibhialta ag fostaí in aghaidh a fhostóra nó a fostóra, as failí nó sárú dualgais a thagann chun cinn le linn fostaíocht an fhostaithe leis an bhfostóir;
- caingean sibhialta ag duine in aghaidh duine eile ag eascairt as úinéireacht, tiomáint nó úsáid feithicle innealghluaiste ag an duine eile sin;
- caingean sibhialta ag duine in aghaidh duine eile ag eascairt as úsáid nó áitiú talún nó aon struchtúr nó foirgneamh eile ag an duine eile sin;
- caingean sibhialta nach dtagann faoi réim aon cheann de na míreanna roimhe seo (ach amháin ceann a eascraíonn as seirbhís sláinte a sholáthar do dhuine, gnás liachta nó máinliachta a dhéanamh i ndáil le duine nó aon chomhairle nó cóir liachta a sholáthar do dhuine).

## 2.3 Bonn Reachtúil

Bhunaigh an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tugann creat reachtúil lena bhféadfaidh daoine a iarraidh ar an mBord go ndéanfaí iarratais díobhála pearsanta a mheasúnú de réir fhorálacha an Achta.

Tugann Alt 54 den Acht cur síos ar fheidhmeanna an Bhoird:

- socrú a dhéanamh chun measúnuithe a dhéanamh, de réir an Achta, ar éilimh iomchuí is ábhar d'iarratais a dhéantar chuige faoi alt 11. *(Is í an fheidhm sin croífheidhm an BMDP agus is feidhm leanúnach í.)*
- doiciméad a ullmhú agus a fhoilsiú (ar a dtabharfar "An Leabhar Cainníochtaí") ina mbeidh treoirlínte ginearálta maidir leis na méideanna a fhéadfar a dhámhadh nó a mheasúnú i ndáil le cineálacha sonraithe díobhála. *(D'fhoilsigh an BMDP An Leabhar Cainníochtaí i Meitheamh 2004.)*
- cur faoi deara anailís costais-tairbhe a dhéanamh ar imeachtaí dlíthiúla agus na próisis ghaolmhara (lena n-áirítear iad sin dá bhforáiltear faoin Acht) atá in úsáid faoi láthair sa Stát chun críocha cúiteamh a dhámhadh i gcomhair díobhálacha pearsanta. *(Tá an staidéar seo ar siúl faoi láthair.)*
- bailiú agus anailís sonraí i ndáil leis na méideanna a dhámhtar de bhun caingne sibhialta, nó a chomhaontaítear i socrú caingne sibhialta, lena mbaineann an tAcht seo. *(Bítear ag déileáil leis an bhfeidhm sin ar bhonn leanúnach.)*
- aon fheidhmeanna breise a thugann an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta le toiliú an Aire Airgeadais don Bhord a dhéanamh. *(Fáiltíonn an BMDP roimh aon fheidhmeanna breise a d'fhéadfadh na hAirí a bhronnadh air go háirithe na feidhmeanna sin a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí agus don tsochaí i gcoitinne.)*

## 2.4 Seirbhísí an BMDP

Tugtar seirbhísí i gcrích lena chinntiú go gcomhlíontar na forálacha atá leagtha síos san Acht. Maidir le cásanna laistigh dá réimse freagrachtaí is é príomhfheidhm seirbhíse an BMDP ná an leibhéal cúitimh do na híospartaigh ag eascairt as díobháil phearsanta a tharlaíonn de bharr faillí a mheasúnú. Tá cur síos ar an tseirbhís sin tugtha thíos.

Oibríonn seirbhís measúnaithe éileamh an BMDP ar shlí neamhsháraíochta agus ní bhíonn aon éisteachtaí ó bhéal i gceist. Oibríonn an tseirbhís mar seo a leanas:

- Féadfaidh an duine a fhulaingíonn an díobháil phearsanta (ar a dtugtar an tÉilitheoir) teagmháil a dhéanamh ar dtús leis an té a chreideann siad atá freagrach as a ndíobháil (an Freagróir) ag féachaint leis an éileamh a shocrú go díreach. Murar féidir an cheist a réiteach, bíonn ar Éilitheoirí a bhíonn ag iarraidh leanúint de chás laistigh de réimse freagrachtaí an BMDP, faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, teagmháil a dhéanamh leis an BMDP.
- Féadfaidh na héilitheoirí teagmháil a dhéanamh le hIonad Seirbhíse an BMDP leis an teileafón ar LóGhlao 1890 829121 idir 8rn-8in Luan go Satharn nó sin trí ríomhphost nó tríd an bpost. Tar éis teagmháil thosaigh leis an BMDP, caithfidh Éilitheoirí a chinneann leanúint dá n-éileamh foirm iarratais BMDP, foirm mheasúnaithe liachta (comhlánaithe ag an gcleachtóir a chuireann cóir ar an Éilitheoir) agus táille riaracháin de €50 a chur isteach.
- Ó fhaigheann an BMDP an fhoirm chomhlánaithe, cuirtear mionsonraí den éileamh chuig an bhFreagróir á chur in iúl dó nó di go bhfuil iarratas faighte agus go bhfuil éileamh foirmiúil ar chúiteamh déanta. Má roghnaíonn an Freagróir an t-éileamh a agóidiú, ansin eiseoidh an BMDP 'Údarú'. Cuireann an tÚdarú ar chumas an Éilitheora an t-ábhar a thabhairt trí Chóras na gCúirteanna.
- Má roghnaíonn an Freagróir go ndéanfadh an BMDP measúnú ar an éileamh, íocfaidh an Freagróir táille de €900. Déanfaidh an BMDP measúnú ar an éileamh ansin agus cinnfidh méid an mheasúnaithe laistigh de naoi mí. Déanann an BMDP measúnú ar an méid atá dlite mar chúiteamh ar phian agus ar fhulaingt (Damáistí Ginearálta) ag baint úsáide as an bhfoirm liachta a bheidh comhlánaithe ag an dochtúir a chuirfidh cóir ar an Éilitheoir. Má bhíonn doiléireacht ann maidir leis an gcineál díobhálacha a bhíonn faighte nó má bhíonn tuairim liachta éiginntitheach ann, lorgóidh an BMDP scrúdú agus tuairisc liachta neamhspleách.
- Beidh measúnuithe den leibhéal cúitimh ag teacht leis an Leabhar Cainníochtaí foilsithe ag léiriú dámhachtainí Cúirte roimhe sin agus socruithe caibidlithe agus cuirfear saonraíochtaí aonair san áireamh i ngach cás. Measann an BMDP freisin an méid a bheidh dlite do Dhamáistí Speisialta ar nós cailleadh tuillteanais, caiteachais liachta agus aon chaillteanas sa todhchaí.
- Cuirtear méid an mheasúnaithe in iúl ansin don Éilitheoir agus don Fhreagróir, agus ag an tráth sin féadfaidh ceachtar páirtí glacadh le measúnú an BMDP nó é a dhiúltú. I gcás go nglacann an dá pháirtí leis an measúnú, eiseoidh an BMDP Ordú Íocaíochta chuig an bhFreagróir. Bíonn an stádas céanna ag an Ordú Íocaíochta a bhíonn ag foraithne Cúirte. Má dhiúltaíonn ceachtar páirtí an measúnú, áfach, eisíonn an BMDP Údarú don Éilitheoir á údarú dó nó di leanúint den ábhar sna Cúirteanna más mian sin leis nó léi.

I dtabhairt na seirbhíse a bhfuil tuairisc thuas uirthi i gcrích, bíonn an BMDP tiomanta a chinntiú go mbíonn na custaiméirí an-sásta leis an tslí a ndéantar freastal orthu. Tá sé aitheanta ag an BMDP ón tús, chun go mbainfeadh sé a mhisean amach go bhfuil gá le fócas láidir ar sheirbhís do chustaiméirí.

Chun an fócas seo a thabhairt i gcrích, oibríonn BMDP Cabhairlíne LóGhlao 1890 829 121 sé lá sa tseachtain ón 8rn go dtí 8in trína Ionad Seirbhíse. Tá caighdeáin arda leagtha síos ag an mBord do chúram custaiméirí agus cinntíonn sé go bhfuil oiliúint dá réir ar an bhfoireann go léir. Tugann monatóireacht laethúil agus dearbhú cáilíochta an deis don Bhord a chinntiú nach é amháin go gcomhlíontar na caighdeáin sin, ach go gcuirtear feabhas go leanúnach orthu.

Chomh maith leis sin, cuireann an BMDP fócas suntasach ar sárchleachtais a chinntiú nuair a bhíonn an leibhéal cúitimh i ndíobháil phearsanta á mheas. Baintear é sin amach trí chlár dearbhaithe cáilíochta. Léirítear an bhéim seo ar sheirbhís go láidir sna torthaí ar shuirbhéanna custaiméirí a rinneadh go dtí seo. Tá suirbhéanna custaiméirí ag tarlú ó cuireadh tús le hoibríochtaí i mBealtaine 2004. Tá aiseolas tugtha go dtí seo ag níos mó ná 200 custaiméir ar sheirbhís an BMDP. Bhí na torthaí sin an-mholtach agus léirigh custaiméirí a sástacht ar an iomlán leis an eolas agus leis an gcaighdeán seirbhíse a cuireadh ar fáil.


# 3 ANAILÍS TIMPEALLACHTA

## 3.1 Réamhrá

Cuirtear anailís i láthair sa roinn seo den timpeallacht sheachtrach ina n-oibríonn an BMDP mar aon leis na príomhshaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar a fhorbairt straitéiseach. Tá go leor de na saincheisteanna sin idirghaolmhar agus tá siad faoi réir ag athrú tapa sa ghearrtéarma, dá réir sin beidh tionchar acu ar chumas an BMDP plean straitéise don todhchaí a chur le chéile le cinnteacht. Stiúrann na fachtóirí timpeallachta seachtracha a léirítear i bhFíor 3.1 thíos na roghanna straitéiseacha atá roimh an BMDP agus soláthraítear an réasúnaíocht cúlra don straitéis atá leagtha amach i Roinn 4.

Soláthraíonn an roinn a leanas forléargas ar na príomhshaincheisteana a mbeidh tionchar acu ar fhorbairt straitéiseach an BMDP.

Fíor 3.1 Príomhshaincheisteanna a mbeidh tionchar acu ar Fhorbairt Straitéiseach BMDP




## 3.2 Líon na dTionóiscí agus Leibhéal na nÉileamh faoi Dhíobháil Phearsanta

Is é an líon tionóiscí a bhíonn ag tarlú ar bhonn bliantúil agus an líon díobhála pearsanta gaolmhar a mbíonn éilimh mar thoradh orthu na hathróga is tábhachtaí ar an gcásualach a láimhseálann an BMDP. Ag an leibhéal náisiúnta, níl teacht go héasca ar aon staitisticí faoi láthair maidir leis an líon cásanna díobhála pearsanta a bhíonn mar thoradh ar éilimh dliteanais mótair, fostaithe agus poiblí. Mar sin féin, soláthraíonn faisnéis atá ar fáil ó Chónaidhm Árachais na hÉireann sonraí ar líon iomlán na n-éileamh arna láimhseáil ag a comhaltaí (d'fhéadfadh gné díobhála pearsanta a bheith i gceist ach ní gá go mbeadh). Cé nach gcuireann an fhaisnéis sin ar chumas breithiúnas críochnúil a dhéanamh ar an líon éileamh díobhála pearsanta in Éirinn, is féidir léargas ginearálta a aithint maidir leis an treocht a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar an ngaol idir líon iomlán na n-éileamh sa bhliain agus líon na n-éileamh faoi dhíobháil phearsanta.

Tríd is tríd, tháinig laghdú 9.3% le cúig bliana anuas ar líon iomlán na n-éileamh maidir le dliteanas poiblí, fostóra agus mótair ó thart ar 265,000 sa bhliain 2000, go dtí 240,000 (féach Tábla 3.1). Áirítear dliteanais mótair sa chatagóir aonair is mó d'éilimh, agus is ionann sin agus 91.5% d'éilimh, ansin dliteanais poiblí (5.3% agus ansin dliteanais fostóra (3.2%).

**Tábla 3.1: Líon na n-éileamh sonraithe faoi dhliteanas mótair, fostóra agus poiblí idir 2000 agus 2004**

| Líon na n-éileamh* | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 238,463 | 232,722 | 213,061 | 210,316 | 220,015 |
| Dliteanas Fostóra | 10,175 | 11,752 | 6,860 | 7,222 | 7,527 |
| Dliteanas Poiblí | 16,322 | 15,192 | 15,311 | 11,367 | 12,734 |
| **Iomlán** | **264,960** | **259,666** | **231,650** | **228,905** | **240,276** |

*Foinse: Cónaidhm Árachais na hÉireann*

Mar sin féin, cé gur tháinig laghdú ar líon reatha na n-éileamh ón leibhéal a taifeadadh sa bhliain 2000, tá líon na n-éileamh dliteanais fostóra ag ardú ó 2002, d'ardaigh sé 9.7% ó 6,860 i 2002 go dtí 7,527 i 2004. Tharla treocht den sórt céanna a bhí ag ardú ar líon na n-éileamh dliteanais poiblí agus mótair idir 2003 agus 2004. Ceaptar go bhfuil tionchar ag roinnt fachtóirí ar an ardú sin. Áirítear orthu sin, ardú ar an líon carranna ar an mbóthar, ardú ar iompar baolach tiománaithe (e.g. ag tiomáint mheisciúil, ag tiomáint faoi luas etc), tar éis do mheath teacht ar an tionchar dearfach a bhí ag an gcóras pointí pionóis nuair a tugadh isteach ar dtús é i mí Dheireadh Fómhair 2002 (ba é an chéad toradh a bhí air sin ná laghdú suntasach ar an líon daoine a maraíodh agus a gortaíodh ar na bóithre).

Fachtóir suntasach eile a raibh tionchar aige ar an líon cásanna a ndearna an BMDP measúnú orthu ná tionchar na Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre d'Éirinn (2004-2006). Is ionann éilimh tionóiscí mótair agus thart ar 50% de chásualach an BMDP agus tá spéis ar leith againn tionscnaimh a rianú chun tarluithe tionóiscí agus éilimh a laghdú. Ba é príomhsprioc na Straitéise laghdú 25% a bhaint amach ó thaobh an líon daoine a fhaigheann bás i dtuairteanna bóthair faoi dheireadh 2006 le hais an meánlíon básanna sa tréimhse 1998-2003. Leag an Straitéis sin amach an sprioc gan níos mó ná 300 bás a bheith ag tarlú in aghaidh na bliana faoi dheireadh 2006, agus dá réir chuideodh sin chun sprioc an AE san fhadtéarma, de laghdú 50%, a bhaint amach, ó thaobh an líon básanna ar na bóithre ar fud an AE, faoi 2010. Leis an Straitéis, moltar raon bearta i réimsí forfheidhmiúcháin, innealtóireachta, oideachais agus reachtaíochta chun díriú ar laghduithe breise ó thaobh básanna agus díobhálacha. Chuir an Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre cur chuige straitéiseach lánpháirtithe san áireamh idir na gníomhaireachtaí sábháilteachta bóithre chun na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis a bhaint amach. Formhuiníonn an BMDP go láidir na spriocanna a aithníodh sa Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre d'Éirinn. Is eol don BMDP freisin gurb é an toradh a bheadh ag straitéis den sórt sin a bhaint amach ná an líon básanna agus díobhálacha ar na bóithre a laghdú agus laghdódh sin cásualach na n-éileamh a ndéantar measúnú orthu freisin.

Go hachomair, de bharr na bhfachtóirí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, tá leibhéal ard neamhchinnteachta ann maidir le cásualach na n-éileamh díobhála pearsanta a mbeidh measúnú le déanamh orthu ag an BMDP. Bíonn impleachtaí suntasacha aige sin ó thaobh pleanála acmhainní agus leagan amach buiséid de. Cé go bhfuil líon na n-éileamh foriomlán níos lú ná mar a bhí sa bhliain 2000 is léir gur tháinig ardú ar an líon le 2 bhliain anuas.

## 3.3 Cultúr i mBéal Athraithe maidir le hÉilimh a Réiteach

Ó bunaíodh an BMDP, is léir gur tharla roinnt athruithe laistigh den phróiseas réiteach éileamh. Áirítear ar na hathruithe sin:

- Cuideachtaí árachais a bhunaigh foirne inmheánacha chun éilimh a riaradh faoi mheasúnú an BMDP;
- Cinnteoireacht níos tapúla ag Freagróirí maidir lena roghnú cén bealach a bpróiseálfaí éilimh i.e.
  - socrú díreach le hÉilitheoirí sula ndéanann an BMDP an measúnú;
  - comhaontú dul isteach i bpróiseas measúnaithe an BMDP; agus
  - cásanna a chur ar aghaidh tríd an gcóras dlí traidisiúnta.

Bíonn tionchar suntasach ag an méid a shocraíonn Freagróirí éilimh le hÉilitheoirí sula ndéanann an BMDP measúnú ar ghníomhaíochtaí an BMDP. Mar shampla, más rud é, tar éis don BMDP éileamh a fhógairt, go dtéann Freagróir i dteagmháil le hÉilitheoir go díreach agus go dtairgeann sé/sí suim chúitimh agus go nglactar leis sin ansin, ní gá don Fhreagróir dul isteach i bpróiseas measúnaithe an BMDP ansin. Is toradh dearfach é réiteach luath an éilimh agus is beag an seans go mbeadh sé sin tarlaithe murach go raibh an BMDP ann sa chéad áit. Spreag BMDP, ón tús, caidreamh oscailte agus trédhearcach idir páirtithe a bhíonn rannpháirteach i dtionóiscí agus dá réir éascaíodh le líon suntasach de shocruithe luatha. Ina theannta sin, tá an Leabhar Cainníochtaí ar fáil anois mar áis bhreise chun éascú le réiteach luath ar éilimh. Bíonn éilimh a réiteach go luath fabhrach d'Éilitheoirí mar nach mbeidh orthu fanacht ar feadh blianta go dtí go mbeidh a n-éilimh socraithe. Éascaítear socrú éileamh ag costas níos ísle freisin ar chás a thabhairt i gcrích. Bhí tionchar suntasach ag costais thraidisiúnta thabhairt i gcrích ar leibhéil préimheanna árachais in Éirinn.

Go hachomair, cuidíonn BMDP go suntasach le cultúr shocrú na n-éileamh a athrú in Éirinn, agus is é an toradh atá air sin ná cinnteoireacht thapa agus éilimh á bpróiseáil agus costas foriomlán maidir le héileamh a shocrú a laghdú go suntasach. Áirítear ar na buntáistí neamhairgeadais eile, strus a laghdú d'íospartaigh faoi thionóiscí faillíocha agus deireadh a chur le bacainní maidir le hathshlánú a bhíodh mar thoradh ar dhlíthíocht go minic. Tá monatóireacht dhlúth á dhéanamh ag Bord an BMDP faoi láthair ar fhorbairtí sa réimse seo agus ar aon impleachtaí a bheadh acu don tsochaí.

## 3.4 Athbhreithnithe Breithiúnacha

Bunaíodh an BMDP faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Tá na forálacha reachtúla nua seo, mar aon leis an reachtaíocht nua go léir, agus oibríochtaí an chomhlachta reachtúla nua faoi réir Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh.

Agus na saincheisteanna criticiúla a mbeidh tionchar acu ar fhorbairt straitéiseach sa todhchaí á n-athbhreithniú, b'fhéidir go mbeadh ar an BMDP breithniú a dhéanamh ar thoradh aon Athbhreithniú Breithiúnach agus, nuair is gá, aon athruithe a chur san áireamh in aon oibríochtaí leanúnacha agus múnlaí airgeadais.

## 3.5 Leibhéal Dhámhachtainí na Cúirte agus na Socruithe

Tugann an BMDP an leibhéal céanna cúitimh d'Éilitheoirí díobhála pearsanta agus a chuirtear ar fáil tríd an gcóras dlíthíochta. Ag teacht leis an gcuspóir sin, chuir comhchomhairleoirí neamhspleácha an Leabhar Cainníochtaí le chéile faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Is treoir atá ann maidir leis an leibhéal de chúiteamh Damáistí Ginearálta a mbeidh an duine (an tÉilitheoir) ina theideal nuair a dhéantar díobháil dó nó di mar gheall ar dhuine eile (Freagróir). Cuireadh an Leabhar le chéile ó shonraí a fuarthas ón tSeirbhís Chúirteanna, ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus ó Chónaidhm Árachais na hÉireann agus léiríonn sé leibhéil cúitimh reatha in Éirinn.

Ina thaobh sin, príomhfhreagracht de chuid an BMDP ná muinín na nÉilitheoirí agus na bhFreagróirí araon maidir le cothroime agus neamhspleáchas an phróisis mheasúnaithe a choimeád.

## 3.6 Creat Reachtaíochta

Ceaptar go mbeidh tionchar ag athruithe atá tarlaithe le deireanas ar an gcreat reachtaíochta ón Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004 agus an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar líon na n-éileamh a ndéanann an BMDP measúnú orthu. Pléitear leagan amach ghairid na nAchtanna sin agus na himpleachtaí dóchúla a bheidh acu ar an BMDP thíos.

- **An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004**
  Bhí tionchar suntasach ag an Acht seo, atá i bhfeidhm go hiomlán ó mhí an Mhárta 2005, ar nósanna imeachta dlíthíochta sibhialta na hÉireann. Ceaptar go laghdóidh an tAcht sin an líon éileamh díobhálacha pearsanta faillí de bharr na bpionós tromchúiseach a bhaineann le héileamh calaoiseach nó áibhéileach agus dá réir an líon éileamh a bheidh le riaradh ag an BMDP. Ina theannta sin, de bhrí go bhfuil an creat-ama laghdaithe ó thrí bliana go dtí dhá bhliain ina bhféadfaidh Éilitheoir éileamh díobhála pearsanta a thabhairt d'fhéadfadh 'tús-ualú' den líon éileamh le measúnú ag an BMDP a bheith mar thoradh air.

- **An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005**
  Mar gheall ar an gcreat-ama gairid ó tugadh isteach an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 tá sé deacair an tionchar ar líon na n-éileamh a bheidh ar an BMDP a mheasúnú a mheas. Tá an reachtaíocht nua leagtha amach chun cur le héifeacht thairbhiúil na nAchtanna roimhe sin trí chur le cultúr sábháilteachta a fhorbairt san ionad oibre agus dá réir ag laghdú an líon tionóiscí ag an obair. Cuirtear freagrachtaí nua ar Stiúrthóirí Cuideachta, ní hamháin creat agus ráiteas sábháilteachta a chur ar fáil ach súil a choimeád ar a fheidhmiú. Forálann sé freisin do phionóis níos géire d'fhostóirí a dhéanann cion.

Ceaptar go mbeidh éifeacht leanúnach ag an reachtaíocht nua ar an líon tionóiscí a laghdú agus dá réir, in imeacht ama, go mbeidh laghdú ar an líon éileamh a bhaineann leis an obair. Is é an tionchar a cheaptar a bheidh ag an toradh dearfach sin ná go mbeidh treocht mhall, de réir a chéile ann agus gurb é an toradh a bheidh uirthi ná go mbeidh laghdú ar an líon éileamh a bheidh ar an BMDP a mheasúnú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Sa bhreis ar an reachtaíocht atá ag athrú, ceaptar go mbeidh laghdú ar an líon tionóiscí freisin de bharr athraithe i bpróifíl thionsclaíoch an gheilleagair agus go mbeidh athrú ann ó thionscal níos troime agus ó obair láimhe i dtreo gheilleagar atá dírithe ar sheirbhísí.

Coimeádfaidh an BMDP stór luachmhar sonraí i ndáil le cineálacha díobhálacha, cineálacha tionóiscí agus na hearnálacha sin ina dtarlaíonn siad, agus beidh sin mar chuidiú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

## 3.7 Tuairim na nGeallsealbhóirí ar Bheartaíocht Reatha/Riachtanais Ionchais an BMDP

D'aithin geallsealbhóirí chomh luath le 1986 gur chóir próiseas neamhsháraíochta a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála pearsanta sa chás nach raibh aon tsaincheist dhlíthiúil nó dliteanais faoi dhíospóid. Cruthaíodh BMDP ar deireadh mar thoradh air sin, agus tá BMDP tiomanta a chinntiú go mbeidh na geallsealbhóirí sásta lena ghníomhaíochtaí agus lena fheidhmíocht amach anseo. Ina thaobh sin, is eol don BMDP go maith an tábhacht a bhaineann le solúbthacht a choimeád chun freagairt do na hathruithe atá ag teacht ar an bpróiseas réiteach éileamh in Éirinn, sa bhreis ar riachtanais na ngeallsealbhóirí atá ag athrú.

## 3.8 Múnla Ioncaim mar Bhonn leis an BMDP

Agus cur chuige neamhsháraíochta á chruthú chun cásanna díobhála pearsanta a réiteach atá éifeachtúil ó thaobh ama de agus éifeachtach ó thaobh costais de, cruthaíodh múnla maoinithe solúbtha chun tacú leis an BMDP a choimeád i bhfeidhm. Tá an múnla maoinithe solúbtha sin bunaithe ar struchtúr íocaíochta de bhuntáille agus líon áirithe bliantúla cásanna arna measúnú ag an BMDP.

Tá an BMDP den tuairim faoi láthair go mbeidh an eagraíocht féinmhaoinithe ar bhonn oibríochta sa bhliain 2006. Mar sin féin, tá an staid sin faoi réir athraithe a bhraitheann ar fhorbairtí a bheith ag tarlú a mbeidh éifeacht acu ar bhunús costais, agus líon na gcásanna arna measúnú ag an BMDP. Mar sin bíonn dlúthmhonatóireacht á dhéanamh ag an mBord, ar bhonn leanúnach, ar aon fhorbairtí a mbíonn tionchar acu ar mhúnla maoinithe an BMDP lena n-áirítear aon tionchar féideartha ar a phríomh-mhíreanna caiteachais de bharr fachtóirí eacnamaíocha, reachtaíochta, rialála nó eile.

Ba chóir a aithint gur tharla na torthaí inmhianaithe go laghdófaí go suntasach an costas a bhain le cúirteamh díobhála pearsanta a thabhairt i gcrích i gcreat ama níos tapúla de bharr bhunú an PMDP. Sa bhliain 2004 measadh gurb í an tsuim iomlán de chúiteamh díobhála pearsanta a íocadh in Éirinn ná thart ar €1 billiún agus caitheadh os cionn €450 milliún ar chostais dlíthíochta. Is iad na costais sin a mbíonn tionchar ag an BMDP orthu trína phróiseas measúnaithe agus trí shocruithe luatha a éascú. Tá an córas BMDP éifeachtach mar gheall ar chostas íseal na seirbhíse a ghearrann sé ar bhonn buntáille agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag aon athruithe ar an struchtúr táille ar líon na gcásanna a ndéantar measúnú orthu. Mar sin, ba chóir maoiniú an BMDP a mheas i bhfianaise na mbuntáistí suntasacha sin.

# 4 MISEAN AN BMDP AND CUSPÓIRÍ STRAITÉISE

## 4.1 Réamhrá

Léiríonn an Straitéis atá aitheanta don BMDP a thimpeallacht agus an méid casta dúshláin atá roimh an eagraíocht, chomh maith leis an bhfíric nach bhfuil sé ach bunaithe le deireanas ó thaobh a chuspóra gnó agus a struchtúir de. Soiléiríodh an Staitéis seo trí shraith ceardlann leis an bhfheidhmeannas agus le foirne bainistíochta níos leithne, chomh maith le tógáil ar an mbonnsraith reachtúil atá aige agus ar an gcuspóir dár cruthaíodh an PIAB. Léiríonn an Straitéis freisin daingne a bhful baint amach aige go dtí seo agus an fhorbairt a dhéanfar orthu sin amach anseo.

## 4.2 Aisling an BMDP

Leagtar amach in aisling an BMDP cás inmhianta a bheadh i ndán don phobal i dtéarmaí an údair atá leis an BMDP agus an araíocht a bheadh faoi, chomh maith leis na tréithe comharthaí sóirt a chur in iúl.

Cuirtear creat ó cheann ceann ar fáil leis an aisling mar threoir maidir le bearta, luachanna agus cultúr an BMDP agus maidir le hiompar dhaoine aonair chomh maith. Ba cheart go mbeadh sé ina ghné fhollasach de chinntí agus de chumarsáid na heagraíochta, taobh istigh agus taobh amuigh, agus go mba léir tionchar á imirt aige ar an stiúir a bhíonn faoin eagraíocht, ar an gceannasaíocht agus ar an mbainistíocht inti.

### Aisling an BMDP

*"Cruthóidh an BMDP cultúr dearfach maidir le réiteach éileamh in Éirinn trí chur chuige coir, neamhsháraíochta a thabhairt chun cinn sa mheasúnú ar dhíobháil phearsanta a tharlaíonn trí fhaillí".*

## 4.3 Ráiteas Misin

Is í an aisling sin an túsphointe spreagtha ag Ráiteas Misin an BMDP a dtagann treoir agus tionscnaimh straitéiseacha na heagraíochta anois agus san am atá amach romhainn faoina anáil ina dhiaidh sin.

Múnlaítear an aisling trí Ráiteas Misin an BMDP go dtugtar ráiteas is léiriú ar a ndéanann an eagraíocht, ar an inmhe a thiocfaidh inti agus ar an dream a bhfuil sí ag feidhmiú ar a son. Tá dearcadh le sonrú ann maidir lena meastar a bheith i ndán, chomh maith le bheith sách sainiúil agus gur féidir dul chun cinn straitéisach na heagraíochta a mheas. Ina eagraíocht neamhbhrabúis dó, ach ina eagraíocht le sainordú a thagann faoi réir an Chreat Reachtaíochta, tá an BMDP an-dírithe maidir lena chuid cuspóirí.

### Ráiteas Misin an BMDP

*"An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail".*

## 4.4 Cuspóirí Straitéise

Tá sé cinn d'aidhmeanna straitéiseacha sonraithe ag an BMDP chun an Misean sin a thabhairt i gcrích agus féachfaidh an eagraíocht le hiad a bhaint amach as seo go ceann cúig bhliana. Cuirfear roinnt tionscnamh/ beart straitéiseach i bhfeidhm, dá réir sin, d'fhonn na haidhmeanna sin a bhaint amach – tugtar cur síos orthu sin i Roinn 4.5.

Tríd is tríd, feictear le straitéis an BMDP béim leanúnach ar mheasúnú cóir, neamhspleách, follasach, ísliú ar na costais riaracháin agus laghdú ar an am próiseála maidir le gach cás díobhála pearsanta. Feictear chomh maith, ina dhiaidh sin féin, go dtarlóidh claochlú eile ar an eagraíocht maidir le cur go suntasach le hacmhainn an BMDP an príomhról/réimse freagrachtaí atá aige a thabhairt i gcrích. Leagtar amach na Cuspóirí Straitéise in Tábla 4.1 thíos.

**Tábla 4.1 Cuspóirí Straitéise an BMDP**

| | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina theideal i gcás éileamh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an BMDP. |
| Cuspóir 2 | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth an BMDP a ísliú. |
| Cuspóir 3 | Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, somhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, cumasach ann. |
| Cuspóir 4 | Seirbhís sármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil. |
| Cuspóir 5 | Cur leis an tuiscint ag an bpobal ar an BMDP agus ar na buntáistí atá leis. |
| Cuspóir 6 | Cur leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. |

## 4.5 Tionscnaimh/Bearta Straitéiseacha an BMDP

Beidh gá roinnt tionscnamh/beart straitéiseach a chur i bhfeidhm i rith thréimhse cúig bliana Phlean Straitéise 2006-2010 chun na Cuspóirí Straitéise atá beartaithe a thabhairt i gcrích. Má thugtar i gcrích go sásúil iad, cuirfear ar chumas an BMDP na haidhmeanna atá á gcur roimhe mar eagraíocht a bhaint amach. Sonraítear thíos mioneolas faoi na Bearta Straitéiseacha a dtabharfaidh an BMDP fúthu i rith an chéad dhá bhliain den Phlean Straitéise cúig bhliana.

### Cuspóir 1: Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina theideal i gcás éileamh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an BMDP.

| Uimh. | Beart Straitéiseach | Creat Ama |
|---|---|---|
| 1.1 | Cinntiú go leanann an BMDP ag cur phróisis agus nósanna imeachta dochta i bhfeidhm, arna chinntiú dá réir go ndéantar measúnú cóir, cruinn. | Leanúnach |
| 1.2 | Athbhreithniú leanúnach ar phróiseas gnó agus ar chórais an mheasúnaithe d'fhonn tacú le hathruithe gnó a chur i bhfeidhm nuair is gá. | Leanúnach |
| 1.3 | Forbairt bhreise maidir le Painéil Saineolaithe Neamhspleácha an BMDP d'fhonn treisiú le próiseas measúnaithe an BMDP:<br>■ Lucht Leighis<br>■ Cuntasóirí<br>■ Achtúirí<br>■ Daoine eile nuair a bhíonn gá leo | Leanúnach |
| 1.4 | Tiomsú seasta sonraí agus anailíse mar gheall ar shuimeanna na ndámhachtainí de bhun caingne sibhialta a bhaineann le hábhar, nó arna aontú na caingne sin réiteach. | Leanúnach |
| 1.5 | Beartaíocht maidir le héilimh a thabhairt faoi deara agus a rangú taobh istigh den phróiseas measúnaithe d'fhonn treisiú le próiseáil níos éifeachtaí ar éilimh dhíobhála pearsanta. | Leanúnach |
| 1.6 | Breis forbartha maidir le Clár Dhearbhú Cáilíochta an Mheasúnaithe lena n-áirítear córas cáilíochta inmheánach. | Leanúnach |
| 1.7 | Gnéithe tábhachtacha den teicneolaíocht a thagann chun cinn a thabhairt i bhfeidhm d'fhonn cur le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht an BMDP agus d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís don chustaiméir. | Leanúnach |
| 1.8 | Breis forbartha maidir le próiséas na suirbhéireachta ar an gcustaiméir mar chuid den Chlár Dhearbhú Cáilíochta taobh istigh den BMDP. | Leanúnach |
| 1.9 | Tabhairt faoi athbhreithniú ar an Ionad Seirbhíse. | R1 2007 |
| 1.10 | Forbairt leanúnach maidir le cumas teicniúil na foirne Measúnaithe ar fad. | Leanúnach |

**Cuspóir 2: Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth an BMDP a ísliú.**

| Uimh. | Beart Straitéiseach | Creat Ama |
|---|---|---|
| 2.1 | Mar a cheanglaítear leis an Acht um Bord Measúnaithe Díobhála Pearsanta 2003, Anailís Costais-Tairbhe (CBA) ar chóras measúnaithe an BMDP i gcomparáid leis an gcóras a bhíodh ann roimh an BMDP a thabhairt chun críche. Beidh an bhéim ar dtús ar chóras an BMDP agus ar an tionchar a bhí aige ar chúrsaí seachas ar mheasúnacht ar thionchar níos leithne sa phobal nó san eacnamaíocht. | R4 2006 |
| 2.2 | Athbhreithniú leanúnach ar sheirbhísí leighis. Bheadh san áireamh leis sin tuiscint a chothú i measc an Phainéal Lucht Leighis Neamhspleách agus i measc na gCleachtóirí a bhíonn i mbun cóireála ar an bhfaisnéis a bhíonn de dhíth i dtuairiscí liachta chun an bealach a réiteach don mheasúnú ar éilimh. | Leanúnach |
| 2.3 | Roghanna maidir le seirbhís an BMDP don chustaiméir a thabhairt chun cinn. | R4 2006 |

**Cuspóir 3: Cultúr nuálachta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, somhúnlaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, chumasach ann.**

| Uimh. | Beart Straitéiseach | Creat Ama |
|---|---|---|
| 3.1 | Struchtúr eagrúcháin a thabhairt chun cinn agus a chothú trína mbaintear amach an toradh is fearr is féidir maidir le héifeachtacht agus costais. Athbhreithniú a dhéanamh d'fhonn cinntiú go dtreisíonn na córais ar fad leis na príomhphróisis agus leis an reachtaíocht trína rialaítear an BMDP. | R4 2006 |
| 3.2 | Forbairt a dhéanamh ar an gcóras TE a bheidh ina shiocair le héifeachtacht bhreise agus a fhágfaidh feabhas ar an tseirbhís don chustaiméir. | Leanúnach |
| 3.3 | Breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat bunaithe ar inniúlacht atá i bhfeidhm faoi láthair d'fhonn an bealach a réiteach do mheasúnú seasmhach ar lucht na foirne maidir le hoiliúint. | Leanúnach |
| 3.4 | Leathnú a dhéanamh ar oiliúint fhoireann an BMDP agus ar Chláir Forbartha Phearsanta (CFPanna) do gach ball den fhoireann. | R3 2006 |
| 3.5 | Na príomhbhearta a luaitear i bPlean Straitéiseach Chomhlíonadh Iniúchta an Iniúchóra a chur i bhfeidhm. | R4 2006 |
| 3.6 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais, na próisis agus na nósanna imeachta reatha d'fhonn cinntiú go mbaintear amach an buntáiste is fearr is féidir ó thaobh éifeachtachta de agus an úsáid is fearr as na hacmhainní a chuirtear ar fáil ó thaobh luach an airgid de. | Leanúnach |
| 3.7 | Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais an BDMP agus ar an múnla airgeadaithe a bhaineann leis. | Leanúnach |
| 3.8 | Iniúchóireacht inmheánach a dhéanamh de réir an tsárchleachtais gnó. | Leanúnach |
| 3.9 | Athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta rialú airgeadais an BMDP d'fhonn cinntiú go n-aithnítear agus go sonraítear gach baol agus go gcloítear le nósanna imeachta ar fud na heagraíochta. | Leanúnach |

**Cuspóir 4: Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil.**

| Uimh. | Beart Straitéiseach | Creat Ama |
|---|---|---|
| 4.1 | Straitéisí oiriúnacha TE a thabhairt chun cinn ar bhealach atá éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais trína mbeidh seirbhís níos fearr ann do gach custaiméir de chuid an BMDP. (Féach Cuspóir 1, 1.7 agus Cuspóir 3, 3.2 thuas). | R4 2006 |
| 4.2 | Roghanna a fhorbairt maidir le seirbhís do chustaiméirí an BMDP. | R4 2006 |

**Cuspóir 5: Cur leis an tuiscint ag an bpobal ar an BMDP agus ar na buntáistí atá leis.**

| Uimh. | Beart Straitéiseach | Creat Ama |
|---|---|---|
| 5.1 | Straitéis Cumarsáide agus Tuisceana an BMDP a leasú. | R3/4 2006 |
| 5.2 | Taighde leanúnach maidir le leibhéal na tuisceana ar an BMDP. | R3 2006 |
| 5.3 | Feachtas saindírithe cumarsáide agus tuisceana a reáchtáil i measc phríomh-gheallsealbhóirí an BMDP. | R3/4 2006 |
| 5.4 | Leanúint le clár leanúnach comhairleacháin leis na príomh-gheallsealbhóirí ar fad, ag díriú ar bhainistíocht agus ar fheabhsú ar an gcaidreamh gnó. | Leanúnach |

**Cuspóir 6: Cur leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn.**

| Uimh. | Beart Straitéiseach | Creat Ama |
|---|---|---|
| 6.1 | Próiseas an chomhairleacháin le grúpaí tábhachtacha geallsealbhóirí maidir leis an bpróiseas trína ndéantar measúnú agus réiteach ar éilimh a leathnú d'fhonn réimsí ina bhfuil feabhas leanúnach agus gá le seirbhísí nua/breise a thabhairt faoi deara. | R4 2007 |
| 6.2 | Taighde breise a dhéanamh maidir le seirbhísí nua a d'fhéadfaí a chur ar fáil. | R4 2007 |
| 6.3 | An caidreamh oibre leis na príomh-gheallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara a fhorbairt agus na próisis, córais agus acmhainní a shonrú is gá chun go mbeadh gach sonra faoi éilimh ar coimeád ag an BMDP. Ceangailte leis sin, na riachtanais tuairiscíochta agus na nithe-is-féidir a thabhairt chun suntais. | R4 2007 |


## 4.6 Príomhshlata Tomhais ar an bhFeidhmíocht sa BMDP (KPIanna)

Is de réir Phríomhshlata Tomhais ar an bhFeidhmíocht (KPIs), idir shlata tomhais oibriúcháin agus straitéise, a mheastar toradh na hoibre maidir leis na sé phríomhchuspóir agus na Bearta Straitéiseacha a bhaineann leo. Cuireann na slata tomhais sin ar chumas an BMDP monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí straitéise a thabhairt i gcrích. Tá cúig cinn de phríomhshlata tomhais leagtha amach ag an BMDP chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i mbaint amach na gcuspóirí a luaitear sa phlean straitéise mar seo a leanas

- Measúnú a dhéanamh ar Éilimh taobh istigh den chreat ama reachtúil;
- Laghdú de 50% nó níos mó den chostas faoi láthair a chur ar an gcostas maidir le cásanna a ndéanann an BMDP measúnú orthu;
- Cur le leibhéal agus feabhas na tuisceana ar an BMDP i measc an phobail;
- Sásamh na gCustaiméirí;
- Beartaíocht Inmheánach – 90% de ghlaonna á bhfreagairt taobh istigh de nóiméad amháin.

Tugtar achoimre i bhFíor 4.1 thall maidir le Misean, Cuspóirí Straitéise, Bearta Straitéiseacha an BMDP mar aon leis na slata tomhais ar ina leith a dhéanfar monatóireacht/meas ar a mbaint amach.

Fíor 4.1 Cairt Cheangal Straitéise an BMDP



## Bearta Straitéiseacha

- Athbhreithniú leanúnach chun cinntiú go leanann an BMDP ag cur phróisis agus nósanna imeachta dochta i bhfeidhm, arna chinntiú dá réir go ndéantar measúnú cóir, cruinn
- Athbhreithniú ar phróiseas gnó agus ar chórais an mheasúnaithe (an tIonad Seirbhíse san áireamh) d'fhonn tacú le hathruithe gnó a chur i bhfeidhm nuair is gá
- Forbairt bhreise maidir le Painéil Saineolaithe Neamhspleácha an BMDP d'fhonn treisiú le próiseas measúnaithe an BMDP
- Tiomsú seasta sonraí agus anailíse mar gheall ar shuimeanna na ndámhachtainí de bhun caingne sibhialta a bhaineann le hábhar, nó arna aontú na caingne sin a réiteach
- Breis forbartha maidir le Clár Dhearbhú Cáilíochta an Mheasúnaithe lena n-áirítear próiseas na suirbhéireachta ar chustaiméirí agus córas cáilíochta inmheánach
- Éilimh a thabhairt faoi deara agus a rangú d'fhonn treisiú le próiseáil níos éifeachtaí ar éilimh dhíobhála pearsanta
- Anailís Dhochair agus Shochair (CBA) ar chóras measúnaithe an BMDP i gcomparáid leis an gcóras a bhíodh ann roimh an BMDP a thosú
- Dul i gcomhairle le lucht leighis agus tuiscint a chothú i measc an Phainéal Lucht Leighis Neamhspleách agus i measc na gCleachtóirí a bhíonn i mbun cóireála ar an bhfaisnéis a bhíonn de dhíth i dtuairiscí liachta chun an bealach a réiteach don mheasúnú ar éilimh
- Breis forbartha a dhéanamh ar an struchtúr eagrúcháin d'fhonn cur leis an éifeachtacht agus feidhmiú ar an gcostas is fearr
- Aon dul chun cinn tábhachtach sa teicneolaíocht a thabhairt i bhfeidhm ionas go gcuirfí leis an tseirbhís do chustaiméirí, leis an éifeachtacht agus leis an éifeachtúlacht
- Leathnú a dhéanamh ar oiliúint fhoireann an BMDP agus ar Chláir Fhorbartha Phearsanta (CFPanna) do gach ball den fhoireann
- Breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat bunaithe ar inniúlacht atá i bhfeidhm faoi láthair d'fhonn an bealach a réiteach do mheasúnú seasmhach ar lucht na foirne maidir le hoiliúint
- An Plean Gníomhaíochta Straitéiseach maidir le hIniúchóireacht Inmheánach a chur i bhfeidhm
- Tabhairt faoi bhearta athbhreithnithe maidir le Rialáil Airgeadais d'fhonn cinntiú go dtugtar gach baol faoi deara agus go sonraítear é agus go gcloítear le nósanna imeachta ar fud na heagraíochta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais, próisis agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair d'fhonn an nuálacht a chothú agus an bhuntáiste is mó is féidir ó thaobh éifeachta a chinntiú chomh maith leis an úsáid is fearr as na hacmhainní a chuirtear ar fáil ag baint luach an airgid amach
- Straitéis Cumarsáide agus Tuisceana an BMDP a leasú
- Leanacht den taighde atá ar siúl maidir le leibhéal agus cruinneas na tuisceana ar an BMDP i measc an phobail
- Feachtas saindírithe cumarsáide & tuisceana i measc phríomhghrúpaí na ngeallsealbhóirí a reáchtáil
- Leanacht den chlár reatha i gcomhar leis na geallsealbhóirí tábhachtacha ar fad trína ndírítear ar bhainistíocht agus ar fhorbairt ar an gcaidreamh leis an tionscal
- Comhairleachán le grúpaí tábhachtacha geallsealbhóirí maidir le deiseanna nua feabhas a chur ar an tseirbhís agus ar an bpróiseas trína ndéantar measúnú ar éilimh
- Taighde breise a dhéanamh maidir le deiseanna nua seirbhíse

## KPIanna

- Measúnú ar éilimh taobh istigh den chreat ama reachtúil
- Na costais maidir le cásanna a ndéanann an BMDP measúnú orthu a laghdú faoi 50% ar a laghad i gcomparáid leis an gcostas faoi láthair
- Cur le hoiread agus le cruinneas na tuisceana i measc an phobail ar an BMDP
- Sásamh an Chustaiméara
- Beartaíocht eagrúcháin inmheánach:
  Plé le 90% de na glaonna taobh istigh de nóiméad amháin

## 5 STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN, ACMHAINNÍ AGUS BAINISTIÚ GNÓ

### 5.1 Réamhrá


Tugann an roinn seo den Phlean Straitéise mionsonraí ar na córais agus na próisis rialachais chorparáidigh, struchtúir eagrúcháin, bhainistíochta ar bhaol, bhainistíochta ar theicneolaíocht an eolais agus cumarsáide, agus bhainistíochta ar acmhainní daonna, ar córais agus próisis iad uile atá leagtha amach chun tacú le baint amach na gcuspóirí straitéise atá curtha i láthair sa roinn roimhe seo.

### 5.2 Struchtúr Eagrúcháin an BMDP

Tá struchtúr eagrúcháin an BMDP faoi cheannaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh agus faigheann sé tacaíocht ó fhoireann Bainistíochta Feidhmeannaí, Measúnóirí agus foireann Taca atá bunaithe in oifigí BMDP i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24, i dteannta leis an Ionad Seirbhíse eisfhoinsithe.

Tá struchtúr eagrúcháin an BMDP eagraithe ina thrí roinn eadhon: Feidhmiúchán, Seirbhísí Taca Gnó agus Seirbhísí Corparáide. Tá cairt eagrúcháin a thugann imlíne ar struchtúr feidhmiúcháin an BMDP leagtha amach i bhFíor 5.1, thíos. Tugtar tuairisc ghearr ar gach roinn ina dhiaidh sin.

Fíor 5.1 Cairt Eagrúcháin an BMDP



### 5.2.1 Feidhmiúchán

Déanann an Roinn Feidhmiúcháin laistigh de BMDP bainistíocht ar an Ionad Measúnaithe, atá bunaithe i dTamhlacht. Is é seo an áit ina ndéantar an gnó lárnach de mheasúnuithe ar éilimh díobhálacha pearsanta a chur i gcrích. Faoi cheannas an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, tá sí comhdhéanta de roinnt foirne measúnaithe, ina bhfuil measúnóirí agus a bhfoireann taca.

### 5.2.2 Seirbhísí Taca Gnó

Tá Seirbhísí Taca Gnó freagrach as na réimsí seo a leanas:

- an tIonad Seirbhíse agus foireann Taca an Ionaid Seirbhíse intí;
- Seirbhísí AD lena n-áirítear earcú, roghnú, socrúchán, oiliúint agus forbairt;
- TE agus Saoráidí lena n-áirítear infrastruchúr TEC agus príomhchórais gnó a sholáthar agus a chothabháil; agus
- Painéil Neamhspleácha e.g. lia-cleachtóirí, achtúirí, agus daoine eile a thugann cúnamh i bpróiseas measúnaithe an BMDP.

Is é SWS Ltd a chuireann an tIonad Seirbhíse eisfhoinsithe ar fáil agus tá sé bunaithe i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí. Is iad na príomhfhreagrachtaí atá air líne eolais a sholáthar (LóGhlao 1890 829 121) do cheisteanna ón bpobal agus cúnamh a thabhairt d'Éilitheoirí agus do Fhreagróirí maidir le próiseas fógraíochta an BMDP. Baineann an BMDP tairbhe as na gnéithe sin den tseirbhís a fhoinsiú ón taobh amuigh toisc go gceadaíonn sé solúbthacht níos mó i dtéarmaí uaireannta oscailte (Luan go Satharn, 8rn-8in), chomh maith leis an gcumas dul in oiriúint do luaineachtaí i méideanna oibre.

Bailíonn an tIonad Seirbhíse an t-eolas riachtanach go léir a theastaíonn le haghaidh éilimh a fhógairt. Déantar na sonraí sin a ionchur agus bíonn siad ar fáil láithreach d'fhoireann an ionaid measúnaithe sa BMDP trí theicneolaíocht ceannródaíoch. Ullmhaíonn agus críochnaíonn foireann an ionaid measúnaithe an próiseas measúnaithe de réir a gcumhachtaí reachtúla.

De bharr go mbaineann próiseas an BMDP le nós imeachta doiciméidithe amháin, cuirtear béim láidir ar cháilíocht a Theicneolaíocht an Eolais (TE). Éilíonn feidhmiú feidhmeanna rialála BMDP córais faisnéise struchtúrtha a thacaíonn don bhainistíocht agus don fhoireann araon maidir le measúnú a dhéanamh ar éilimh agus leis na gnáthphróisis riaracháin. Cuireann na córais faisnéise struchtúrtha sin eolas bainistíochta luachmhar ar fáil i dtaca le ceadú don Bhord a chuspóirí agus a mhisean a bhaint amach. Cinntíonn an Bord go mbaintear amach na spriocanna go mbeidh ann d'eolas iomchuí, tráthúil, iontaofa, inrochtaine agus cuimsitheach ar gach gné d'éilimh agus de bhainistíocht ar éilimh agus go bhfaigheann an Bord luach ón infheistíocht a dhéantar sa réimse sin.

### 5.2.3 Seirbhísí Corparáide

Cuireann Seirbhísí Corparáide an tacaíocht riachtanach ar fáil don ghnó iomlán i réimsí ar nós:

- Seirbhísí Dlíthiúla;
- Seirbhísí Airgeadais; agus
- Gnóthaí Corparáide

Cuireann an fhoireann Seirbhísí Dlíthiúla seirbhísí taca ar fáil d'eagraíocht an BMDP. Bainisteoir Dlíthiúil agus Comhairleoir Dlíthiúil atá san fhoireann.

Cuireann an fhoireann Seirbhísí Airgeadais an creat airgeadais rialála i bhfeidhm chun tacú le heagraíocht an BMDP.

Gnóthaí Corparáide – áirítear ann na réimsí straitéise, taighde, caidrimh preasa agus meán chomh maith le bainistíocht ar chlár faisnéise agus feasachta fócasaithe seachtrach.

## 5.3 Rialachas Corparáide san BMDP

Tá Rialachas Corparáide comhdhéanta de na córais agus na nósanna imeachta ar dá réir a ndéantar an eagraíocht a theorú agus a rialú. Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachais Corparáide agus Sárchleachtais a chothabháil agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh ar bhonn leanúnach. Maidir leis sin, tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus is iad forálacha an chóid sin atá mar bhunús do rialachas an BMDP. De réir na dtreoirlínte sin comhlíonann Comhaltaí Boird BMDP Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí Boird.

Ina theannta sin, tá an BMDP faoi réir ag na forálacha atá san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 ó mhí Eanáir 2006.

Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a cheapann Bord an BMDP. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach. Is iad na comhaltaí eile an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, an Stiúrthóir Tomhaltóirí ón Rialtóir Airgeadais (Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann mar a bhí), beirt ainmnithe ó Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU), ainmní ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) agus ceathrar comhaltaí eile a bhfuil saineolas dlíthiúil, árachais, liachta agus sláinte agus sábháilteachta acu.

Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord chun polasaithe an BMDP a cheapadh agus chun dualgais mhuiníne eile a chomhlíonadh. Tá bainistíocht feidhmiúcháin an BMDP ó lá go lá tairmligthe ag an mBord chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Tá cúig choiste ann chun tabhairt faoi fheidhmeanna sonracha thar a cheann mar a léiríonn Tábla 5.1.

### Tábla 5.1 Struchtúir Choiste laistigh den BMDP

| Coiste | Feidhmeanna |
|---|---|
| An Coiste Iniúchta | Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste Iniúchta:<br>■ Cúnamh a thabhairt do na Comhaltaí Boird go léir den BMDP maidir lena bhfreagrachtaí dlíthiúla aonair agus comhchoiteanna a chomhlíonadh i dtaca lena chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart.<br>■ Breithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras cuntasaíochta agus rialuithe airgeadais atá i bhfeidhm sa BMDP agus ar dhóthanacht an phearsanra agus acmhainní eile atá ar fáil don BMDP.<br>■ Breithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras cuntasaíochta agus rialuithe airgeadais atá i bhfeidhm sa BMDP ó pheirspictíocht freagrachtaí dlíthiúla agus reachtúla eile an BMDP maidir leis na nithe sin.<br>■ A chinntiú go dtabharfar faoi riachtanais tuairiscithe seachtracha go cuí.<br>■ An t-iniúchóir inmheánach a cheapadh, de réir mar is cuí.<br>■ Breithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar scóip obair agus tuarascálacha an iniúchóra inmheánaigh agus moltaí a dhéanamh ag eascairt as an obair a dtugtar faoi.<br>■ Ráitis airgeadais bhliantúla an BMDP a bhreithniú, a athbhreithniú agus a cheadú tar éis a mbreithnithe ag an gCoiste Airgeadais. |

| Coiste | Feidhmeanna |
|---|---|
| An Coiste Airgeadais | Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste Airgeadais:<br>■ Treoir straitéise a sholáthar d'fheidhmiúchán an BMDP ar shaincheisteanna a bhaineann le hioncam agus caiteachas lena n-áirítear riachtanais maoinithe ón Státchiste agus ó fhoinsí eile agus táillí a shocrú faoi mar a fhoráiltear san Acht.<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséid bhliantúla i gcomhar leis an mbainistíocht.<br>■ Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha airgeadais Ráithiúla in aghaidh mholtaí an Bhuiséid.<br>■ Athbhreithniú agus ceadú a dhéanamh ar pholasaithe cuntasaíochta maidir le sócmhainní seasta agus infheistíocht a dhiúscairt.<br>■ Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe baincéireachta.<br>■ Breithniú, athbhreithniú agus ceadú a dhéanamh ar ráiteas airgeadais bliantúil an BMDP sula gcuirtear faoi bhráid Bhord an BMDP é agus Bord an BMDP a chur ar an eolas maidir lena bpléití.<br>■ Cúnamh a thabhairt do na Comhaltaí Boird go léir den BMDP maidir lena bhfreagrachtaí dlíthiúla aonair agus comhchoiteanna a chomhlíonadh i dtaca lena chinntiú go soláthraíonn na córais airgeadais agus cuntasaíochta faisnéis chruinn agus cothrom le dáta i ndáil le staid airgeadais reatha an BMDP. |
| An Coiste Luacha Saothair | Is í príomhfheidhm an Choiste:<br>■ Socruithe agus bearta maidir le dreasachtaí a bhaineann le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh a bhunú, thar ceann Bhord an BMDP, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. |
| An Coiste Liachta | Is iad príomhfheidhmeanna an Choiste:<br>■ Dearbhú cáilíochta a sholáthar ar bhonn leanúnach ar thuairiscí liachta, ar an bpainéal liachta, ar threoirlínte liachta agus ar an teimpléad liachta.<br>■ Nithe polasaí maidir le saincheisteanna liachta a bhreithniú. |
| An Coiste Dlíthiúil | Is í príomhfheidhm an Choiste:<br>■ Nithe polasaí maidir le saincheisteanna dlíthiúla a bhreithniú. |

Tá gach ceann de na struchtúir Coiste aitheanta á rialú ag téarmaí tagartha, ag comhaltas agus ag socruithe tuariscithe chuig Bord an BMDP atá sonraithe go soiléir.

## 5.4 Bainistíocht Airgeadais

Tar éis a bhunaithe an 13ú Aibreán 2004, fuair an BMDP maoiniú ón Státchiste chun tacú leis an gcostas bunaithe a bhaineann lena sheirbhís a thabhairt i gcrích.

Is rud suntasach é cé nach gceanglaítear ar an BMDP a bheith féin-mhaoinithe faoina fhorálacha reachtúla, go bhfuil sé mar aidhm aige a bheith go hiomlán féin-mhaoinithe sa bhliain 2006 ó thaobh feidhmiúcháin de. Déantar feidhmiúchán an BMDP a mhaoiniú go príomha trí tháille Freagróra de €900 a ghearradh agus trí tháille riaracháin bheag de €50 a ghearradh ar Éilitheoirí. Oibríonn an BMDP eagraíocht sholúbtha tríd an Ionad Seirbhíse a eisfhoinsiú, fad a dhírítear ar mheasúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhálacha pearsanta. Cinntíonn sin go mbíonn caiteachas an BMDP i gcomhréir leis an leibhéal gníomhaíochta éileamh.

## 5.5 Bainistíocht ar Bhaol

Ionas go bhféadfar meastóireacht, monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar na príomhbhaoil straitéise, feidhmiúcháin, airgeadais agus clú a bhíonn os comhair na heagraíochta, tá clár bainistíochta ar bhaol san áireamh mar chuid dhílis de phróiseas pleanála gnó an BMDP. Ar bhonn leanúnach, déanann an Bord meastóireacht ar a chur chuige i leith bainistíochta ar bhaol agus ar an bpróiseas atá ar bun ag an eagraíocht chun aon bhaoil aitheanta/ionchasacha a mhaolú.

I measc príomhghnéithe chóras bainistíochta ar bhaol an BMDP tá:

- cineál, méid agus impleacht fhéideartha an bhaoil atá os comhair an BMDP lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha, a aithint;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh baoil aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an BMDP bainistíocht agus maolú a dhéanamh ar na baoil a tharlaíonn go hiarbhír;
- aird na costais a bhaineann le rialuithe faoi leith a oibriú i gcoibhneas leis an tairbhe a fhaightear.

Mar chuid den phróiseas tosaithe a bhain leis an BMDP a bhunú sa bhliain 2004, thug an Bord faoi mheasúnú baoil tosaigh a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhí os comhair na heagraíochta. Tar éis an mheasúnaithe sin, thóg an Bord roinnt beart d'fhonn gach baol a aithint thar réimse fairsing den ghnó. Ina theannta sin tá polasaí bainistíochta ar bhaol, lena n-áirítear clár baoil a fhorbairt, á chríochnú anois.

## 5.6 Bainistíocht ar Acmhainní Daonna

Is eagraíocht dlúthfhaisnéise é an BMDP agus braitheann an méid a éiríonn leis ar shaineolas, ghairmiúlacht agus díogras a fhoirne.

In imeacht na tréimhse seo den Phlean Straitéise, cuirfidh an BMDP a straitéis nua don eagraíocht i bhfeidhm mar atá léirithe sna spriocanna agus cuspóirí éagsúla atá leagtha amach i Roinn 4 den Phlean Straitéise seo. D'fhonn an misean agus na cuspóirí straitéise a aistriú isteach ina ngníomh beidh ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann a bheith solúbtha ina gcuid cleachtas oibre. I roinnt cásanna éileoidh sin tacaíocht d'fhorbairt ar inniúlachtaí nua/breise; léargais nua/níos fearr ar sheirbhísí breisluacha a eascraíonn as athruithe a tharlaíonn i dtimpeallacht na n-éileamh díobhálacha pearsanta a sheachadadh.

Le taca ó chlár oiliúna foirne fócasaithe agus ó phleananna forbartha pearsanta, samhlaítear go gcuirfidh polasaí earcaíochta an BMDP atá ann cheana féin an straitéis nua i bhfeidhm go suntasach.

Le go n-éireoidh le cur i bhfeidhm na straitéise seo beidh gá le hionchur suntasach/béim shuntasach ar bhainistíocht acmhainní daonna. Maidir leis sin, leanfaidh an BMDP de mhonatóireacht a dhéanamh ar inniúlachtaí foirne do rólanna atá ann cheana féin, nó do rólanna sonraithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ionas go gcuirfear lenár n-acmhainneacht ardán a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt go córasach ar shaincheisteanna a bhaineann le hoiliúint agus forbairt foirne.

Tá an BMDP tiomanta do chomhionannas deiseanna agus tógtar a chláir forbartha pearsanra agus foirne dá réir sin. In imeacht thréimhse an Phlean Straitéise seo déanfaidh an BMDP iarracht cúnamh a thabhairt don fhoireann maidir le forbairt gairme agus cleachtais ghnó nua-aimseartha san earnáil seo. Tá an BMDP tiomanta freisin polasaí an rialtais a chur i bhfeidhm maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí.

## 5.7 Bainistíocht ar Theicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide

Tá an BMDP tiomanta a chinntiú go n-úsáidfear Teicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide (TEC) d'fhonn an t-uasmhéid éifeachtúlachta agus éifeachtachta feidhme ón eagraíocht a chinntiú. Tá Aonad Theicneolaíocht an Eolais (TE) freagrach as na córais agus as an infrastruchtúr teicniúil atá riachtanach chun tacú le tabhairt i gcrích sheirbhísí an BMDP a fhorbairt, a shuiteáil agus a chothabháil.

Ó bunaíodh í tá acmhainní suntasacha infheistithe ag an eagraíocht sa réimse TEC. Mar chuid den straitéis tosaithe, dhírigh an tAonad TE ar ardán teicniúil láidir agus ar fheidhmchláir theicniúla láidre, ar chaighdeán an tionscail a fhorbairt, a thacaíonn le riachtanais ghnó reatha agus iad sin a bheidh ann amach anseo.

Tar éis na chéad céime tosaithe, d'oibrigh an tAonad TE go dlúth leis an bhfoireann ón trí roinn eagraíochtúla chun na príomhchórais atá ríthábhachtach maidir le seachadadh rathúil an ghnó a roghnú agus a chur i bhfeidhm. Áiríodh orthu sin córas bainistíochta cáis, córas airgeadais, ríomhphost, uathoibriú oifige agus cumarsáid. Ina theannta sin, bhunaigh an BMDP an láithreán gréasáin www.piab.ie, ar tugadh os cionn 1 mhilliún cuairt air. Éascaíonn na córais sin seachadadh atá éifeachtach ó thaobh costais agus atá éifeachtúlach ó thaobh ama maidir le seirbhís measúnaithe an BMDP, chomh maith le faisnéis luachmhar a sholáthar ar fheidhmíocht laethúil na heagraíochta.

Mar chuid den chleachtas pleanála straitéise, rinneadh breithniú ar an infrastruchtúr TEC atá cheana ann agus ar an tslí a úsáideann an eagraíocht an t-infrastruchtúr sin. Mar thoradh air sin, in imeacht thréimhse an Phlean Straitéise seo, tá sé beartaithe go ndíreoidh an eagraíocht ar úsáid níos mó a bhaint as a hinfrastruchúr TEC d'fhonn cur le héifeachtúlacht na heagraíochta agus chun leibhéil sheirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt tuilleadh.

## 5.8 Straitéis ríomhsheirbhísí an Rialtais

Tá an BMDP tiomanta a fhorbairtí TEC a chur chun cinn ag teacht le straitéis ríomhsheirbhísí an Rialtais d'fhonn taca a chur faoinár gcuspóir seirbhíse do chustaiméirí agus, mar atá luaite thuas, d'fhonn ár gcuspóirí seirbhíse do chustaimeírí a chomhlíonadh ar an tslí is éifeachtúla is féidir.

## 6 MAOINIÚ

- Bunaíodh an BMDP i dtús aimsire le cúnamh Cistiúcháin Státchiste. Tá an BMDP féinmhaoinithe faoi láthair sa mhéid is go n-íoctar as costais oibríochtúla trí na táillí a thoibhítear ar Éilitheoirí agus ar Fhreagróirí (ar Fhreagróirí den chuid is mó). Ar deireadh, braitheann stádas maoinithe an BMDP ar líon na n-éileamh a fhaightear, ar líon na gcásanna a théann trí phróiseas measúnaithe an BMPD, ar ráta na dtáillí a ghearrtar agus ar chostais reatha inmheánacha an BMPD féin.
- Ar dtús, shocraigh an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta táillí ag €50 d'Éilitheoirí agus €850 d'Fhreagróirí ón 1ú Meitheamh 2004. D'aontaigh an tAire i mbliana d'iarratas ar tháillí a ardú ón BMPD chun táille an Fhreagróra a ardú go €900 ón 1ú Meitheamh 2006 mar léiriú ar ardú sa chostas maireachtála. Ós rud é go dtoibhítear táillí i dtús báire ar gach Éilitheoir, is fachtóir cinntitheach é líon foriomlán na n-éileamh a fhaightear maidir leis an leibhéal ioncaim a fhaigheann an BMPD. Is rud níos tábhachtaí fós, áfach, é líon na gcásanna a théann tríd an bpróiseas measúnaithe agus a dtoibhítear táillí ar Fhreagróirí. Is cinntitheoir tábhachtach d'ioncam an BMPD é céatadán na gcásanna foriomlána a théann tríd an bpróiseas measúnaithe. Tá an t-ioncam sin faoi réir athraithe a thagann chun cinn de bharr roinnt fachtóirí, m.sh. líon na gcásanna a shocraítear ag céim luath sa phróiseas agus nach bhfaightear táille Freagróra dá bhrí sin. Déanfaidh an BMPD dlúthmhonatóireacht ar aon treochtaí maidir leis sin.
- Braitheann caiteachas an BMPD go príomha ar líon na gcásanna a fhaightear agus ar líon na gcásanna a ndéantar iad a mheasúnú. Maidir leis seo, tá samhail eagraíochtúil eacnamaíoch agus éifeachtach forbartha ag an BMPD, samhail ar féidir í a chur in oiriúint do luaineachtaí i líon na hoibre, a bhíonn ag athrú.
- I ndeireadh na dála, déanann an BMPD tréaniarracht oibriú ar bhonn féinmhaoinithe ach, tá fachtóirí seachtracha ann ar féidir leo tionchar a bheith acu ar an tsamhail sin. Leanfaidh an BMPD ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí lena chinntiú go gcothabhálfar na leasanna foriomlána don tsochaí agus go bhfeabhsófar iad.

## AGUISÍN 1: COMHAIRLEACHÁN SEACHTRACH A RINNEADH MAR LÓN EOLAIS DO PHLEAN STRAITÉISE AN BMDP*

| Eagraíocht | |
|---|---|
| An Cumann um Leasú Árachais | Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann |
| omhlachas Árachóirí na Breataine | Comhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) |
| *Automobile Association* | Cumann Crua-Earraí agus Ábhar Tógála na hÉireann |
| Comhairle Bharra na hÉireann | Cumann Sainchomhairleoirí Ospidéil na hÉireann |
| Comhairle | Cónaidhm na nÓstán Éireannach |
| An Chónaidhm Tionscail Foirgníochta | Cónaidhm Árachais na hÉireann |
| Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | Dlí-Chumann na hÉireann |
| An tSeirbhís Chúirteanna | An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí |
| An Coimisinéir Cosanta Sonraí | An Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta |
| An Rialtóir Airgeadais | Cúram/Athslánú |
| An Garda Síochána | An Tascfhórsa do Dhaoine Féin-árachaithe |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | Cumann na nGnólachtaí Beaga |
| Árachóirí | An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát |
| Cumann Bróicéirí na hÉireann | VHI |
| Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) | Árachas Sláinte VIVAS |

*Tabhair ar Aird: *Freisin, breithníodh aiseolas ó shuirbhéanna custaiméirí a rinne an BMDP mar chuid den phróiseas pleanála straitéisí.*

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta – An tÉileamh sin agatsa –
An Uimhir sin againne 1890 829 121

Bosca OP 8, Cloch na Coillte, Co Chorcaí
LóGhlao 1890 829 121
www.piab.ie